

TÉARMAÍ & COINNIOLLACHA CEANNAIGH



Ollscoil
Teicneolaíochta
an Atlantaigh

Atlantic
Technological
University

Mura bhfuil a mhalairt comhaontaithe i scríbhinn, is iad na Téarmaí & Coinníollacha Ceannaigh atá i bhfeidhm do cheannach ábhar, earraí, táirgí nó comhpháirteanna (ar a dtugtar 'earraí' thíos) agus seirbhísí (ar a dtugtar 'seirbhísí' thíos), atá leagtha amach ar aghaidh an ordaithe ceannaigh seo (ar a dtugtar 'ordú' thíos) nó foilseáin a ghabhann leis, na Téarmaí & Coinníollacha Ceannaigh atá leagtha amach thíos, na cinn atá priontáilte ar nó curtha le haghaidh an ordaithe seo, na cinn atá i bhfoscscríbhinní nó i bhfoilseáin a ghabhann leo agus na cinn atá intuigthe de réir an dlí nach bhfuil neamhréireach leis seo.

- SAINMHÍNIÚ**
Seasann an 'Ceannaitheoir' d'Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh.
Seasann an 'Díoltóir' don duine nó don chomhlacht a bhfuiltear ag seoladh an ordaithe chuige/chuici.
- GLACADH LE hORDÚ**
Nuair a ghlacann an Díoltóir leis an ordú, is ionann é sin agus conradh i gcomhair an t-ábhar sainiúil a sheachadadh chuig an Ceannaitheoir ainmnithe de réir na dtéarmaí atá sonraithe. Beidh éifeacht ag na coinníollacha seo ar gach ordú a chuireann an Ceannaitheoir isteach ar earraí agus trí ghlacadh ag an Ceannaitheoir lena leithéid d'orduithe, glacann sé/sí go hiomlán leis na coinníollacha atá leagtha síos leis seo i ngach uile chás.
- GNÁTHAIMH IMRÉITIGH CÁNACH**
Oibreoidh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh nósanna imeachta imréitigh cánach ábhartha
- BAILÍOCHT**
Ní bheidh an Ceannaitheoir freagrach as orduithe ar bith seachas na cinn a bheidh eisithe nó deimhnithe ar fhoirmeacha ordaithe priontáilte oifigiúla, sínithe mar is cóir thar ceann an Ceannaitheora.
- SEACHADADH**
 - Ní mór do na hearraí a bheith pacáilte i gceart agus daingnithe sa dóigh go mbainfidh siad ceann scríbe amach in ord maith, faoi thosca normálta iompair, agus déanfaidh an Díoltóir iad a sheachadadh, nó a sheoladh chun seachadta, chuig an áit nó na háiteanna ainmnithe agus sa tslí sonraithe ar an ordú nó sonraithe ina dhiaidh sin.
 - Nuair atáthar ag glacadh leis an ordú caithfidh an Díoltóir a dheimhniú go gcloífear leis na dátaí seachadta atá sonraithe, agus caithfidh an Díoltóir léiriú soiléir a thabhairt i ngach cás nuair nach mbeidh sé/sí in ann riachtanais seachadta an Ceannaitheora a shásamh.
 - Ar chúinse ar bith, níor chóir don Díoltóir na hearraí a ofráil i gcomhair seachadta gan Nóta Faisnéise mar is ceart a bheith leo chomh maith le sonraíochtaí soiléire pacáistíochta.
 - Déantar seachadadh a shainmhíniú de réir an dáta a nglacfar leis na hearraí seachas an dáta a ndéantar iad a sheachadadh go fisiceach.
- PACÁISTIÚ**
Ní ghlacfaidh an Ceannaitheoir le táill ar bith i leith ábhar pacála mura raibh sé sin léirithe go soiléir ar luachan bunaidh an Díoltóra. Taispeánfar a leithéid de tháillí ansin ar aghaidh an ordaithe.
- FOCHONRADH**
Ní dhéanfaidh an Díoltóir, gan réamhchead i scríbhinn ón Ceannaitheoir, an conradh nó aon chuid den chonradh a fholigeann ach amháin chuig comhlacht atá ina bhall den ghrúpa ina bhfuil ballraíocht ag an Díoltóir. Ní chuirfidh a leithéid de chead ar ceal aon cheann d'oibleagáidí an Díoltóra faoin chonradh. I gcásanna mar sin, ní ghlacfaidh an Ceannaitheoir le freagracht ar bith do dhliteanas poiblí.
- MARCANNA AGUS UIMHREACHA LASTAIS**
Caithfidh marcanna agus uimhreacha lastais an Ceannaitheora, mar atá sonraithe ar an ordú, a bheith taispeánta go soiléir ar na boscaí nó ar na ciseáin phacála go léir agus ar iomlán cáipéisí a bhaineann leis an seachadadh. Ba chóir na treoracha "Seol chuig" agus "Seol le" a chomhlíonadh go cruinn beacht.
- RÚNDACHT**
Beidh an t-ordú agus an t-ábhar atá luaite air coimeáda faoi rúndacht idir an Ceannaitheoir agus an Díoltóir, agus ní thabharfaidh an Díoltóir, nó aon fochonraitheoir fostaithe ag an Díoltóir, aon fhaisnéis faoi do thríú páirtí ar bith, agus ní dhéanfaidh an Díoltóir, nó fochonraitheoir ar bith de chuid an Díoltóra é a úsáid i gcomhair taispeántas fógraíochta, nó é a fhoilsiú, gan réamhchead i scríbhinn ón Ceannaitheoir.
- LÍNÍOCHTAÍ, PATRÚIN, SONRAÍOCHTAÍ, etc**
 - Is leis an Ceannaitheoir iomlán líníochtaí, patrúin, sonraíochtaí, múnlaí, nó acraí ar bith eile curtha ar fáil ag an Ceannaitheoir, nó ullmhaithe ag an Díoltóir, ar chostas an Ceannaitheora amháin agus fanóidh siad in úinéireacht an Ceannaitheora.
 - Ní bhainfidh an Díoltóir úsáid as a leithéid d'acraí, agus ní thabharfaidh sé/sí údarás nó cead do dhuine ar bith eile iad a úsáid faoi choinne, nó bainteach le, cuspóir ar bith seachas soláthar na n-earraí don Ceannaitheoir mura bhfuil a leithéid d'úsáid údaraithe go sonrach i scríbhinn ón Ceannaitheoir.
 - Coinneoidh an Díoltóir acraí mar sin in ord agus i mbail mhaith agus nuair a bheidh an conradh curtha i gcrích, nó a mhalairt de réir mar a iarrann an Ceannaitheoir, tabharfaidh an Díoltóir na hacraí ar ais don Ceannaitheoirí in ord agus i mbail mhaith.

11. PRAGHASANNA

- (a) Ní bheidh praghas an Díoltóra níos airde ná an praghas luaite sa luachan is deireanaí chuig an Cheannaitheoir, nó a cuireadh mar mhúirear ar an Cheannaitheoir, nó a chleamhnaithe, mura bhfuil a mhálairt comhaontaithe i scríbhinn. Caithfear sonraisc a chur le gach lastas faoin Ordú seo ar an dáta a seoltar an lastas chun bealaigh. Mura bhfaightear sonraisc go pras, d'fhéadfaí iad a chur ar ais i gcomhair athdhátála. Más rud é, roimh chomhlíonadh an chonartha seo, go ndíolfaidh an Díoltóir earraí ar bith nó seirbhísí ar bith den chineál agus den sonraíocht atá clúdaithe san ordú seo le haon chustaiméir eile ar phraghas níos ísle don líon céanna earraí, nó do líon níos lú earraí nó do sheirbhísí comparáideacha, déanfar an praghas a bhí i bhfeidhm sa chonradh a laghdú go dtí an praghas laghdaithe sin.
- (b) Ná líontar an t-ordú seo i méideanna níos mó nó ar phraghsanna níos airde ná mar atá léirithe ar an ordú gan cead i scríbhinn ó ionadaí údaraithe an Cheannaitheora. Mura bhfuil an praghas luaite ar an ordú, glactar leis go líonfaidh an Díoltóir an t-ordú ar phraghas nach bhfuil níos airde ná an ceannachán deireanach roimhe sin mura bhfuil a mhálairt údaraithe go soiléir i scríbhinn ag an Cheannaitheoir. Sa chás nach líontar an t-Ordú seo de réir gach mionsonra mar a bhí sonraithe, forchoimeádann an Ceannaitheoir an ceart aon cheann, nó níos mó, díobh seo a leanas a dhéanamh -
An t-ordú a chur ar ceal.
Athshlánú a dhéanamh ar iomlán cailteanais, damáiste agus costas a bheadh mar thoradh ar a leithéid d'fhaillí.
Seachadadh a lorg in cibé slí agus an Díoltóir íoc as aon chostas méadaithe iompair.
- (c) Airgeadra – glactar leis gur Euro atá i gceist sa chonradh seo mura bhfuil a mhálairt luaite go soiléir i bhfocail agus in uimhreacha ar an Ordú.
- (d) Forchoimeádann an Ceannaitheoir an ceart asbhaint a choinneáil siar.

12. CEALÚCHÁN

Forchoimeádann an Ceannaitheoir an ceart an t-ordú seo, nó aon chuid de, a chur ar ceal, agus i gcás ar bith beidh an Ceannaitheoir i dteideal aon chostas a tharla de bharr na fáthanna seo a leanas a dhealú ón phraghas comhaontaithe -

- (a) Ní fhaightear an t-ábhar nó na hearraí atá le bheith curtha ar fáil, nó ní chuirtear i gcrích an obair atá le bheith déanta, faoin spriocdáta sonraithe.
nó
- (b) Níl an t-ábhar nó na hearraí a chuirtear ar fáil, nó an obair a chuirtear i gcrích, ag cloí leis na sonraíochtaí agus na líníochtaí a bhí ag dul leo.
nó
- (c) Níl an t-ábhar nó an cheardaíocht i gcruith mhaith i ngach gné nó ní shásaíonn sé an caighdeán a bhí sonraithe nó teipeann air sa scrúdú a d'fhéadfadh bheith de dhíth ar an Cheannaitheoir nó ar chustaiméirí an Cheannaitheora.
nó
- (d) Glacadóir, leachtaitheoir nó iontaobhaí i bhfeimheacht nó a mhacasamhail d'oifigeach a cheapadh ar iomlán shócmhainní maoinne an Díoltóra.
nó
- (e) An Díoltóir achainí ar fheimheacht a chomhdú go deonach.
nó
- (f) Seirbheáil achainí ar fheimheacht ainneonach a bheith déanta ina leith agus a fhanóidh i bhfeidhm ar feadh tríocha (30) lá.
nó
- (g) Stad den trádáil go deonach.
nó
- (h) Cumasc le tríú páirtí nó glactha anonn ag tríú páirtí.
nó
- (i) Scrúdaitheoir a bheith ceaptha ar a chuid sócmhainní.

13. DAMÁISTE NÓ CAILLTEANAS FAOI BHEALACH

Déanfaidh an Díoltóir cóiriú nó athsholáthar, saor in aisce, ar earraí a ndearnadh damáiste dóibh nó a cailleadh le linn dóibh a bheith faoi bhealach ar chuntar go dtabharfaidh an Ceannaitheoir fógra i scríbhinn don Díoltóir i ndáil lena leithéid de dhamáiste nó de chaillteanas, laistigh de thréimhse ama a chuirfidh ar chumas an Díoltóra cloí le coinníollacha iompair an Charraera a bheadh bainteach le cailteanas nó damáiste d'earraí faoi bhealach, nó nuair is le córas iompair an Díoltóra féin a rinneadh an seachadadh laistigh d'am réasúnta.

14. CIGIREACHT LE LINN DÉANTÚSAÍOCHTA

- (a) Beidh saorchead isteach ag an Cheannaitheoir nó a (h)ionadaí (sa chlasál seo, tugtar 'an Ceannaitheoir' orthu beirt) ag aon am réasúnta chuig gach páirt d'áitreabh an Díoltóra (nó a fhochoonraitheoirí) d'fhonn earraí a scrúdú agus a tástáil le linn á ndéantús, á bpróiseáil nó á stóráil chun a dheimhniú go bhfuil na hearraí á gcur ar fáil de réir théarmaí an ordaithe. Déanfar a leithéid sin de scrúdú agus tástála ar dhóigh nach gcuirfidh isteach gan riachtanas ar oibriúchán an Díoltóra i dtaca le déantús, próiseáil nó stóráil na n-earraí.
- (b) Má tharlaíonn sé, mar thoradh ar scrúdú nó tástáil faoi fhochlásal (a) thuas, go mbíonn barúil réasúnta ag an Cheannaitheoir nach bhfuil na hearraí ag cloí le téarmaí an ordaithe, cuirfidh sé/sí é sin in iúl i scríbhinn don Díoltóir agus glacfaidh an Díoltóir cibé céimeanna atá riachtanach chun an comhlíonadh sin a chinntiú.
- (c) Ní fhuasclaíonn scrúdú ar bith de chuid an Cheannaitheora an Díoltóir ó chomhlíonadh aon cheann agus iomlán na sonraíochtaí nó comhaontuithe nó gealltanais atá sonraithe nó intuigthe.
- (d) Mura ndéanann an Ceannaitheoir scrúdú faoi fhorálacha an Chlásail seo, ní ionann sin is a rá go bhfuil sé/sí ag tarscaoileadh a c(h)heart chun scrúdú a dhéanamh ag am éigin eile ina dhiaidh sin nó in áit éigin eile.

15. DIÚLTÚ

- (a) Is féidir leis an Cheannaitheoir, le fógra i scríbhinn chuig an Díoltóir, na hearraí a dhiúltú má theipeann ar an Díoltóir cloí leis an ordú i dtaca le cáilíocht, cainníocht agus cuntas mar a bhí sonraithe san ordú. Ba chóir don Cheannaitheoir diúltú i scríbhinn den chineál sin a dhéanamh laistigh de lá is fiche (21) i ndiaidh an tseachadta mura bhfuil tréimhse eile comhaontaithe idir na páirtithe.

- (b) Déanfaidh an Ceannaitheoir, agus é/í ag tabhairt an fógra ar dhiúltú, na cúiseanna chuige sin a shonrú agus ina dhiaidh sin cuirfidh sé/sí na hearraí a diúltaíodh ar ais in éineacht le hearraí atá ar gach bealach de réir an chonartha.
- (c) Maidir le hairgead ar bith a d'íoc an Ceannaitheoir leis an Díoltóir i ndáil le hearraí a diúltaíodh agus nach bhfuil athsholáthar déanta ag an Díoltóir orthu laistigh d'am réasúnta, tabharfaidh an Díoltóir an íocaíocht sin ar ais don Cheannaitheoir maraon le haon chaiteachas breise os cionn Praghas an Chonartha a tharraing an Ceannaitheoir air/uirthi féin go réasúnta ar mhaithe le hearraí eile a cheannach mar athsholáthar.

16. CUNTASÓIREACHT

- (a) Caithfidh sonraisc chuig an Rannán Cuntais Iníoctha a bheith faighte againn laistigh de thrí (3) lá oibre i ndiaidh seachadadh ar bith nó seirbhís ar bith a bheith curtha ar fáil. Caithfidh ár nUimhir don Ordú Ceannaigh, Uimhir do Nóta Faisnéise agus d'Uimhir Chláraithe CBL a bheith léirithe go soiléir ar gach sonraisc.
- (b) Ba chóir ráiteas cuntasóireachta míosúil a chur isteach faoin 5^ú lá de gach mí.
- (c) Maidir le hearraí a ceannaíodh lasmuigh den Stát, caithfidh códuimhir tráchtearra a bheith luaite leo ar na sonraisc.
- (d) Beidh íocaíocht an Cheannaitheora dlite tríocha (30) lá i ndiaidh do na hearraí nó seirbhísí a bheith seachadta agus glactha ag an Cheannaitheoir agus sonraisc a bheith ullmhaithe mar is cuí.
- (e) Iocfar gach soláthóir trí ríomhaistriú airgid díreach go dtí an cuntas bainc atá ainmnithe.

17. EADRÁIN

Sa chás go mbeadh conspóidí, difríochtaí nó saincheisteanna ar bith idir na páirtithe ag aon am i ndáil le forléiriú an Chonartha nó le haon ábhar nó le haon ní ag éirí as an Chonradh nó a bheadh bainteach leis ar dhóigh ar bith, cuirfear ar aghaidh iad chun a réiteach ag eadránaí aonair a bheidh comhaontaithe idir na páirtithe nó, mura a bhfuil a leithéid sin de chomhaontú ann, eadránaí a bheidh ceaptha ag Uachtarán d'Ollscoil Teichneolaíochta an Atlantaigh ar iarratas ó cheachtar páirtí.

18. DLÍ AN CHONARTHA

Caithfidh an t-ordú idir an Ceannaitheoir agus an Díoltóir a bheith forléirithe, agus an gaol idir na páirtithe a bheith déimhnithe, de réir dlíthe Phoblacht na hÉireann agus beidh sé faoi réir ag dlínse na gcúirteanna Éireannacha.

19. FÓGRA CHUIG FOCHONRAITHEOIRÍ AGUS SOLÁTHRAITHE DE SHEIRBHÍSÍ PROIFISIÚNTA

- (a) Ní mór d'fhochonraitheoirí Doiciméidí Imréitigh Cánach a chur faoi bhráid ag tús gach bliana nua airgeadais nó nuair a bhronnfar an conradh orthu. Má déantar faillí sa riachtanas seo, déanfaidh an Ceannaitheoir Cáin a asbhaint ag an ráta cuí.
- (b) Féadfar cáin, ag an ráta caighdeánach cánach, a asbhaint as íocaíochtaí i ndáil le Seirbhísí Proifisiúnta.

20. ÁRACHAS & SLÁNAÍOCHT

Má tá obair nó seirbhísí ar bith le bheith déanta nó le bheith curtha ar fáil ag an soláthraí in aon áit eile seachas ag áitreabh an tSoláthraí, beidh ar an soláthraí dóthain árachais a bheith aige/aici in aghaidh iomlán Dlíteanas Fostóra agus Rioscaí Tríú Páirtí, ina n-áirítear Rioscaí Dóiteáin Tríú Páirtí a tharlódh de bharr, nó a bheadh bainteach le cur i ngníomh a mhacasamhail d'obair agus/nó feidhmíocht a leithéid de sheirbhísí, agus cuirfidh siad na polasaithe árachais sin, maraon le hadmhálacha do phrímheanna, ar fáil don Cheannaitheoir má iarrann sé/sí iad. Sa chás go ndéanann an soláthraí neamart i gcur ar fáil árachais den chineál sin, tá sé de cheart ag an Cheannaitheoir árachas a fháil thar ceann an tsoláthraí agus suim na préimhe a íocann an Ceannaitheoir a bhaint amach as suimeanna ar bith atá dlite don tSoláthraí faoin Chonradh. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Soláthraí an Ceannaitheoir a shlánú agus a chur faoi dóthain árachais in aghaidh iomlán éilimh agus iomlán costas i ndáil le gortú, cailteanas nó damáiste do dhuine nó do mhaoin de bharr na hoibre nó na seirbhísí a chur an Soláthraí, nó a c(h)uid oibríthe, ar fáil nó i gcrích. Tá sé mar choinníoll sa Chonradh go mbeidh fostaithe, seirbhísí agus gníomhaithe an tSoláthraí eolach ar na réamhchúraimí agus na rialacha dóiteáin a bheadh i bhfeidhm in aon suíomh ina mbeadh obair a dhéanamh nó seirbhísí á gcur ar fáil, agus go gcoifídh siad leis na rialacha sin.

21. FRITHÁIREAMH

Beidh sé de cheart ag an Cheannaitheoir ag am ar bith fritháireamh a dhéanamh ar aon chuntas atá dlite ón Díoltóir don Cheannaitheoir (nó d'aon chuideachta chomhlachtaithe nó chleamhnaithe, gníomhaithe agus ionadaithe ina measc) i ndáil leis an Ordú seo nó aon iar-ordú nó aon chomhaontú conarthach idir na páirtithe leis seo nó a gcuideachtaí comhlachtaithe nó cleamhnaithe faoi seach, mura sáraíonn a leithéidí d'fhritháireamh dlíthe nó rialacháin áitiúla nó Rialacháin an AE.

22. FORCE MAJEURE

Ní bheidh an Ceannaitheoir freagrach don Díoltóir as aon teip glacadh le seachadadh ábhar, seirbhísí, nó comhpháirt ar bith díobh, nuair atá an teip sin mar thoradh ar dhíospóidí tionsclaíochta, dóiteáin, cliseadh nó ganntanas ábhar nó de sholáthairtí na bhfeor oibre, nó de bharr gníomhartha Dé nó cúis ar bith eile lasmuigh de smacht an Cheannaitheora.

23. DLITEANAS

Ar chuntar ar bith, ní bheidh an Ceannaitheoir freagrach as aon chailteanas neamhdhíreach nó iarchailteanas a d'fhuilaingeodh an Díoltóir.